An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

## An Teastas Sóisearach

# OIDEACHAS REILIGIÚIN

(Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

# AN TEASTAS SÓISEARACH

## Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is iomaí gné atá sa duine, agus cuireann oideachas roimhe gach gné díobh sin, idir aeistéitiúil, chruthaitheach, bhreithiúnach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta, a fhorbairt ar mhaithe leis an duine, pé acu i mbun oibre nó i mbun imeartha dó, sa bhaile lena t(h)eaghlach nó i measc an phobail.

2. Chun freastal ar dhaltaí i scoileanna dara leibhéal atá clár an Teastais Shóisearaigh ceaptha. Dá réir sin, tá rogha ag an dalta idir dhá leibhéal, ardleibhéal agus gnáthleibhéal, i ngach ábhar ach amháin Gaeilge, Béarla, agus Matamaitic, mar a bhfuil leibhéal breise le fáil, is é sin an bonnleibhéal.

3. Tá sé d'aidhm ag clár an Teastais Shóisearaigh

- an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus an inniúlacht a d'fhoghlaim an duine óg sa bhunscoil a neartú agus a fhorbairt;
- ní hamháin feabhas a chur ar thaithí oideachais an duine óig ach raon na taithí sin a leathnú agus a dhoimhniú chomh maith, maidir le heolas, le tuiscint, le scileanna agus le hinniúlacht de;
- muinín phearsanta agus sóisialta, mar aon le cumas tionscnaimh agus le hinniúlacht a fhorbairt sa duine óg, trí oideachas ginearálta atá fairsing agus cothrom a sholáthar;
- an duine óg a chur in oiriúint do chláir bhreise staidéir, d'fhostaíocht nó don saol lasmuigh den oideachas lánaimseartha;
- cuidiú le forbairt mhorálta agus spioradálta an duine óig agus tuiscint agus meas ar nithe ar mór le daoine eile iad, a chothú ann/inti;
- an duine óg a ullmhú dá d(h)ualgais mar dhea-shaoránach de chuid na hÉireann, de chuid na hEorpa agus de chuid an domhain mhóir.

4. Tá clár an Teastais Shóisearaigh bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

***Fairsingeacht agus cothroime***
Faoin am seo ina gcuid scolaíochta ba cheart go mbeadh taithí oideachasúil fhairsing ag na daltaí go léir. Ní mór aire faoi leith a thabhairt do scileanna san uimhearthacht, sa litearthacht agus sa teanga labhartha a threisiú agus a chur chun cinn.

Ba cheart béim a chur go háirithe ar oideachas sóisialta agus timpeallachta, mar aon leis an eolaíocht, an teicneolaíocht, agus na nua-theangacha.

***Oiriúnacht***
Ba cheart don chúrsa léinn a bheith dírithe ar an duine óg agus ar a chuid riachtanais, mar atá agus mar a bheidh, ag cuimhneamh ar an timpeallacht chultúrtha, eacnamúil agus shóisialta.

***Mianach***
Ba cheart gach duine óg a spreagadh chun tabhairt go misniúil faoin sprioc is airde, ag coimeád in aigne cumas agus buanna éagsúla daoine agus na caighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta.

5. Déantar gach Siollabas de chuid an Teastais Shóisearaigh a thairiscint le go gcuirfí i gcrích é laistigh de chomhthéacs an churaclaim ghinearálta, faoi mar atá mínithe thuas.

An Teastas Sóisearach

# OIDEACHAS REILIGIÚIN

(Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

# CLÁR

Réasúnaíocht . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 3

Oideachas Reiligiúin don Teastas Sóisearach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 5

Aidhmeanna an Oideachais Reiligiúin . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 6

Creatlach an tSiollabais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 7

Rannóg A: Pobail Chreidimh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .8

Rannóg B: Bunús an Reiligiúin – An Chríostaíocht . . . . . . . . . . . . . .14

Rannóg C: Bunús an Reiligiúin – Na Mór-Reiligiúin Dhomhanda . . .20

Rannóg D: Ceist an Chreidimh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .26

Rannóg E: Ceiliúradh an Chreidimh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .32

Rannóg F: Dúshlán na Moráltachta . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .38

Measúnú . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 44

# OIDEACHAS REILIGIÚIN SA CHURACLAM: RÉASÚNAÍOCHT OIDEACHAIS

Leagtar amach aidhmeanna an oideachais i bPáipéar Bán an Oideachais (1995, lch. 10):

- tuiscint agus meas criticiúil a chothú, ar na luachanna – morálta, spioradálta, creidimh, sóisialta agus cultúrtha – a raibh páirt mhór acu i múnlú na sochaí Éireannaí, luachanna a raibh meas orthu sa tsochaí le fada an lá
- féinaithne agus féinmheas a chothú sa dalta, chomh maith le tuiscint ar a b(h)uanna áirithe féin, a m(h)ianach agus a (h)easpa buanna, céim ar chéim le meas ar chearta agus ar chreideamh daoine eile
- fiúntas agus cothromaíocht a chur chun cinn i bhforbairt mhianach iomlán oideachais gach duine, is cuma cén t-easnamh atá orthu i gcúrsaí eacnamaíochta nó sóisialta, nó ó thaobh cumais choirp nó intinne
- scileanna intleachta a chothú, chomh maith le dúil i dtóraíocht eolais agus ábaltacht ar anailís chriticiúil chuiditheach a dhéanamh ar fhadhbanna
- cabhrú le gach duine é féin a chur in iúl, chomh maith leis na buanna cruthaitheacha agus na buanna ealaíne atá ann/inti a fhorbairt go hiomlán
- daltaí a spreagadh chun féinmhuiníne, chun triail a bhaint as an nua, chun rudaí a dhéanamh as a stuaim féin agus chun a samhlaíocht a chur i bhfeidhm ar a bhfuil ar siúl acu
- folláine coirp agus mothúchán a chur chun cinn
- oideachas agus oiliúint a sholáthar a chuirfidh ar chumas na ndaltaí forbairt eacnamaíoch na tíre a chur chun cinn agus a chabhróidh le gach duine acu a c(h)ion féin a dhéanamh go héifeachtach chun leasa na sochaí go ginearálta
- saoránaigh a chur ar fáil a mbeidh tuiscint acu do dhearcadh daoine eile, a dhéanfaidh cúram de dhaoine eile agus a mbeidh tuiscint acu do chúrsaí polaitíochta
- deimhin a dhéanamh de go mbeidh tuiscint ag aos óg na hÉireann ar a ndúchas agus a bhféiniúlacht Éireannach agus Eorpach, chomh maith le dearcadh domhanda, agus go mbeidh meas acu ar an timpeallacht, i dtreo go ndéanfaidh siad cúram di.

Luíonn sé le réasún go mbeadh na haidhmeanna thuas le haithint ar churaclam na scoile agus an curaclam dírithe ar a gcur i gcríoch.

I gcomhthéacs na n-aidhmeanna seo, is é atá i gceist le forbairt mar dhuine ná forbairt tuisceana ort féin mar dhuine aonair ar leith, a bhfuil cumas machnaimh, samhlaíochta agus cruthaíochta ann, duine a bhfuil tuiscint aige don fhírinne, don mhaith agus don áilleacht. Taithí an duine ar an spioradáltacht ó thús ama, agus a thóraíocht ar bhrí na beatha, is minic a cuireadh in iúl iad mar chiallú spioradálta ar an mbeatha. D'fhág traidisiúin reiligiúin a rian go lánsoiléir ar stair an chine dhaonna. Is cuid de dhúchas luachmhar cultúrtha na hÉireann í an Chríostaíocht, gné a chuaigh i bhfeidhm go láidir ar an dearcadh atá againn orainn féin, ar an domhan agus ar ár gcaidreamh le daoine eile. Ar a shon sin, más áil le daoine feidhmiú go héifeachtach i gcultúr atá ag síordhul i gcastacht, ní mór go mbeadh tusicint acu ar thraidisiúin éagsúla reiligiúin agus go mbeadh meas acu ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúin is mó a fhaightear, ní hamháin in Éirinn, ach ar mhór-roinn na hEorpa agus lasmuigh di. Sa chultúr nua-aoiseach, is mó ná riamh an gá atá ag daoine le tuiscint ar an bhfreagra tuata ar thaithí an duine ar an mbeatha, is é sin, an freagra nach bhfuil aon traidisiún reiligiúin i gceist ann.

Tá sé de chúram ar an gcuraclam ar fad, atá tógtha ar phrionsabail eolais, tuisceana, scileanna agus dearcaidh, fás pearsanta na ndaltaí agus a bhforbairt spioradálta a chur chun cinn, ach is cuid lárnach den Oideachas Reiligiúin é deiseanna a sholáthar do na daltaí chun machnamh a dhéanamh ar thaithí an duine ar an mbeatha, chomh maith leis an taithí sin a thuiscint agus a chiallú. Cabhraíonn deiseanna mar sin leis na daltaí páirt a ghlacadh ina bhforbairt chomhfhiosach chriticiúil féin.

Ba chóir go ndéanfadh an tOideachas Reiligiúin deimhin de go mbíonn taithí ag na daltaí ar réimse leathan traidisiún reiligiúin agus ar an tuiscint tuata ar bheatha an duine. Tá ról tábhachtach aige sa churaclam, ó thaobh spreagadh na ndaltaí chun tuiscint do chreideamh agus do thuairimí daoine eile agus ó thaobh chur chun cinn na comhthuisceana. Déanann an tOideachas Reiligiúin iarracht forbairt a dhéanamh ar na scileanna a theastóidh ó na daltaí chun caidreamh sásúil a dhéanamh le daoine a bhaineann le traidisiúin eile reiligiúin, nó nach mbaineann le traidisiún reiligiúin ar bith.

Cuireann an tOideachas Reiligiúin deiseanna ar fáil chun tuiscint eolach chriticiúil ar thraidisiún na Críostaíochta a fhorbairt – a fhréamhacha sa stair agus an tslí a gcuirtear in iúl é sa chultúr agus sa saol sóisialta.

Ba chóir, mar sin, go mbeadh sé mar chuid de churaclam a bhfuil sé mar aidhm leis forbairt chriticiúil chultúrtha an duine a chur chun cinn, ina shaol sóisialta agus ina shaol pearsanta.

Is mór an chabhair an tOideachas Reiligiúin mar chuid de churaclam atá ag iarraidh forbairt mhorálta na ndaltaí a chur chun cinn. Cuireann sé cóid éagsúla mhoráltachta agus gnásanna éagsúla iompair ina láthair. Spreagtar na daltaí chun na córais mhoráltachta seo a bhreithniú go grinn, i dtreo go dtiocfaidh siad ar sheasamh morálta a bheidh mar bhonn leis na cinní a bheidh le déanamh acu mar dhaoine fásta agus leis na patrúin iompair agus dílseachta a threoróidh iad ina gcaidreamh lena bpobail áitiúla agus leis an domhan go ginearálta.

I ndeireadh báire, is féidir a éileamh gur cuid bhunúsach é an tOideachas Reiligiúin de churaclam ar bith a bhfuil sé d'aidhm leis forbairt iomlán an duine a chur chun cinn de réir aidhmeanna luaite an oideachais. An measúnú a dhéanfar ar an siollabas Oideachais Reiligiúin ar leibhéal náisiúnta, agus na teastais a bhronnfar dá réir sin, soláthróidh siad cuntais do na daltaí agus don tsochaí ar a bhfuil bainte amach, bunaithe ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar an dearcadh atá intuigthe sa siollabas sin.

# OIDEACHAS REILIGIÚIN DON TEASTAS SÓISEARACH

Is é is aidhm don siollabas Oideachais Reiligiúin don Teastas Sóisearach ná creatlach a sholáthar do dhaltaí a éascóidh a dteagmháil agus a gcaidreamh le traidisiúin éagsúla reiligiúin in Éirinn agus in áiteanna eile. D'ullmhódh creatlach mar sin na daltaí don chúrsa Ardteistiméireachta in Oideachas Reiligiúin freisin.

An siollabas Oideachais Reiligiúin, mar aon leis an réimse ábhar eile atá ar fáil ag an leibhéal seo, spreagann siad na daltaí chun machnamh agus anailís a dhéanamh ar a dtaithí féin ar an saol. Tabharfar spreagadh agus tacaíocht dá réir sin do thaithí na ndaltaí ar reiligiún agus dá ndílseacht do thraidisiún áirithe reiligiúin, agus/nó don tóir atá fós acu ar bhrí na beatha.

Tá sé d'aidhm ag an Oideachas Reiligiúin don Teastas Sóisearach tuiscint a fhorbairt ar cén fáth a mbíonn creideamh ag daoine, chomh maith le meas ar luachanna agus ar chreideamh gach aon duine. Tá an siollabas bunaithe ar chreatlach eolais, tuisceana, scileanna agus dearcaidh. Mar chuid de chlár ullmhúcháin do dhualgais an tsaoránaigh, déanann an siollabas tagairt ar leith do thraidisiún na Críostaíochta, mar aitheantas ar ról sonrach an traidisiúin sin agus na sainaicmí a chleachtann é, i saol na hÉireann.

# AIDHMEANNA AN OIDEACHAIS REILIGIÚIN

- **Tuiscint a chothú go mbaineann tóraíocht an duine ar bhrí na beatha leis an gcine daonna ar fad, is cuma cén aois atá acu nó cén ré lena mbaineann siad**
- **Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh, agus a gcuirtear fós, an tóraíocht seo ar bhrí na beatha in iúl i reiligiún**
- **A aithint go ndeachaigh tuiscintí ar Dhia, ar thraidisiúin reiligiúin, go háirithe traidisiún na Críostaíochta, chun leasa an chultúir ina mairimid agus go dtéann siad i bhfeidhm fós ar ár slí phearsanta maireachtála, ar chaidreamh idirphearsanta agus ar chaidreamh idir dhaoine aonair, a bpobail agus a mbaineann leo**
- **Tuiscint ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúin a chothú, agus aitheantas a thabhairt do thuscintí ar an mbeatha nach bhfuil bunaithe ar reiligiún**
- **Forbairt spioradálta agus mhorálta an dalta a chur chun cinn**

# CREATLACH AN tSIOLLABAIS

Is féidir na rannóga éagsúla den siollabas a mhúineadh in ord ar bith; ní gá an t-ord thíos a leanúint.

Tá dhá chuid sa chúrsa:

## CUID 1

Déanann na daltaí staidéar ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

**RANNÓG A** **Pobail Chreidimh**

**RANNÓG B** **Bunús an Reiligiúin – an Chríostaíocht**

**RANNÓG C** **Bunús an Reiligiúin – Mór-Reiligiúin Dhomhanda**

## CUID 2

Déanann na daltaí staidéar orthu seo **go léir:**

**RANNÓG D** **Ceist an Chreidimh**

**RANNÓG E** **Ceiliúradh an Chreidimh**

**RANNÓG F** **Dúshlán na Moráltachta**

# RANNÓG A

## POBAIL CHREIDIMH

### Aidhmeanna

- Iniúchadh a dhéanamh ar thréithe pobal daonna agus ar na patrúin a bhaineann leo
- Na saintréithe a bhaineann le pobail chreidimh/le heaglaisí a aithint
- Iniúchadh a dhéanamh ar na saintréithe seo mar a fheictear iad i bpobail chreidimh/in eaglaisí áitiúla, i bpobail in eaglaisí náisiúnta agus i bpobail in eaglaisí idirnáisiúnta

## Cuid 1

# POBAL

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann:

1 **saghsanna éagsúla pobail agus roinnt samplaí díobh a aithint;**

2 **tréithe ginearálta agus tréithe aonair na bpobal seo a aithint;**

3 **an teannas idir fhreagracht aonair agus fhreagracht phobail a iniúchadh.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **comhoibriú/easpa comhoibrithe**<br>• **roinnt le daoine eile**<br>• **cumarsáid**<br>• **rólanna**<br>• **cliseadh pobail** | 1. Foirmeacha agus saghsanna pobail<br>2. Saintréithe pobal<br>3. Buanna agus laigí pobail<br>4. An gá atá ag an duine le maireachtáil i bpobal agus an teannas idir riachtanais an phobail agus riachtanais an duine aonair<br>5. Saol an phobail agus saoirse an duine aonair |

## Cuid 2

# POBAIL AG GNÍOMHÚ

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann:

1 **cur síos a dhéanamh ar ról pobal sa tsochaí;**

2 **an éagsúlacht rólanna laistigh de phobail – rólanna ceannaireachta san áireamh – a aithint.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **díograis**<br>• **seirbhís**<br>• **fís**<br>• **ceannaireacht** | 1. Féachaint ar an obair a dhéanann saghsanna éagsúla eagras – eagrais áitiúla, eagrais phobail, eagrais náisiúnta agus eagrais idirnáisiúnta<br>2. Cad a spreagann daoine chun na hoibre seo agus cad as a dtagann an spreagadh sin<br>3. Na rólanna éagsúla i bpobail |

## Cuid 3

# POBAIL CHREIDIMH

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann:

1 **na heaglaisí agus na grúpaí creidimh atá in Éirinn faoi láthair a ainmniú;**

2 **an tslí a gcuireann dhá cheann de na pobail seo a bhfís agus a ndíograis i ngníomh, a thuiscint, chomh maith leis an éagsúlacht rólanna laistigh de gach pobal acu, ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta, a thabhairt faoi deara;**

3 **scéalta a athinsint i dtaobh bhunaitheoirí/lucht leanúna tosaigh na religiún seo thíos:**
**an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, an tIoslamachas agus an Giúdachas.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **bunaitheoir**<br>• **fís inspioráideach**<br>• **foilsiú**<br>• **scríbhinn dhiaga**<br>• **soiscéal**<br>• **creideamh**<br>• **féiniúlacht**<br>• **reiligiúin**<br>• **eaglais**<br>• **sainaicme**<br>• **díograis chreidimh**<br>• **gairm mar ghlaoch chun seirbhíse**<br>• **seanmóireacht**<br>• **misean** | 1. Pobail chreidimh sa lá atá inniu ann; samplaí de phobail chreidimh éagsúla, a n-ainmneacha agus a dteidil chearta, teidil agus ainmneacha na gceannairí san áireamh<br>2. Bunaitheoirí/bunús na mór-reiligiún domhanda<br>3. Scéalta faoin lucht leanúna tosaigh agus a gceannairí<br>4. Iniúchadh a dhéanamh ar an obair a dhéanann dhá eaglais, nó dhá eagraíocht chreidimh, nó dhá ord rialta, ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta, faoi na ceannteidil seo:<br>• *inspioráid na hoibre seo agus inspioráid na díograise chun seirbhíse sa phobal creidimh*<br>• *mar a théann an obair seo i bhfeidhm ar dhaoine aonair eile agus ar phobail eile*<br>• *an éagsúlacht rólanna laistigh de phobail chreidimh*<br>5. Mar a thugann saol an lae inniu dúshlán na n-eaglaisí / na bpobal creidimh |

### Cuid 4

# AN GAOL ATÁ AG POBAIL CHREIDIMH LENA CHÉILE

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go mbeadh na daltaí in ann a thuiscint go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeadh meas acu ar a gcreideamh féin agus ar chreideamh agus ar thuairimí daingne dhaoine eile;**

2 **go mbeadh na daltaí in ann impleachtaí an tseicteachais, in Éirinn agus in áiteanna eile, a thuiscint;**

3 **go mbeadh na daltaí eolach ar an ngluaiseacht éacúiméineach, go háirithe ina bpobal féin;**

4 **go dtuigfeadh na daltaí cad atá i gceist le plé idir-chreidmheach.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **éacúiméineachas**<br>• **plé idir-chreidmheach**<br>• **seicteachas**<br>• **coimhlint reiligiúnach**<br>• **tuiscint do thuairimí dhaoine eile** | 1. An gaol atá ag pobail chreidimh éagsúla lena chéile a iniúchadh, go háirithe na sainaicmí éagsúla Críostaíochta in Éirinn<br>2. Samplaí den choimhlint a eascraíonn as éagsúlacht reiligiúin, in Éirinn agus in áiteanna eile, a iniúchadh |

## DON ARDLEIBHÉAL AMHÁIN

### Cuid 5

# EAGAR AGUS CEANNAIREACHT I bPOBAIL CHREIDIMH

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann:

1 **stíleanna éagsúla ceannaireachta a aithint i bpobail dhaonna agus i bpobail reiligiúnacha/eaglaise;**

2 **an gaol idir cheannaireacht agus údarás a aithint i bpobail reiligiúnacha/eaglaise, go háirithe sna heaglaisí Críostaí.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **ceannaireacht**<br>• **údarás**<br>• **seirbhís**<br>• **ministreacht** | 1. Saghsanna agus stíleanna ceannaireachta i bpobail dhaonna<br>2. Mar a théann na stíleanna seo i bhfeidhm ar phobail<br>3. Scrúdú a dhéanamh ar na saghsanna ceannaireachta in dhá eaglais nó in dhá phobal creidimh áitiúla<br>4. An cineál ceannaireachta agus údaráis a fheictear sna mór-reiligiúin dhomhanda, go háirithe sa Chríostaíocht<br>5. Dúshlán á chur faoin gceannaireacht |

# RANNÓG B

## BUNÚS AN REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT

### Aidhmeanna

- Iniúchadh a dhéanamh ar an sórt saoil a bhí ann nuair a rugadh Íosa
- Na Soiscéil a aithint mar phríomhfhoinse eolais ar Íosa
- Iniúchadh a dhéanamh ar thábhacht bheatha, bhás agus aiséirí Íosa dá lucht leanúna, an uair sin agus sa lá atá inniu ann

## Cuid 1

# AN COMHTHÉACS

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

**1 go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar an sórt saoil a bhí ann nuair a rugadh Íosa Nazarat.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **An Talamh Naofa**<br>• **Impireacht na Róimhe**<br>• **An Sean-Ghiúdachas**<br>• **Súil leis an Meisias** | 1. Cúlra staire agus geografach an tsaoil sa Phailistín in aimsir Íosa<br>2. Mar a chuaigh na tosca staire agus geograife seo i bhfeidhm ar shaol na ndaoine<br>3. Na struchtúir pholaitíochta agus reiligiúin in aimsir Íosa |

## Cuid 2

# FIANAISE I dTAOBH ÍOSA

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann:

**1 cuid de na foinsí eolais ar Íosa Nazarat a ainmniú;**

**2 idirdhealú a dhéanamh ar cháipéisí creidimh agus ar cháipéisí staire;**

**3 forbairt na Soiscéal a rianú, ón traidisiún béil go dtí an briathar scríofa.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **fianaise**<br>**– ón traidisiún béil**<br>**– ón traidisiún scríofa**<br>• **soiscéal**<br>• **soiscéalaí**<br>• **fianaise**<br>• **sionoptach** | 1. Eolas ginearálta ar fhoinsí staire na fianaise ar bheatha Íosa<br>2. Na Soiscéil mar cháipéisí creidimh seachas mar cháipéisí staire<br>3. Na Soiscéil mar dhea-nuacht – ón traidisiún béil go dtí an briathar scríofa<br>4. Na soiscéalaithe mar lucht creidimh: conas a tharla gur scríobhadh na Soiscéil<br>5. Éagsúlacht léargais sna Soiscéil – samplaí as scríbhinní na soiscéalaithe |

## Cuid 3

# PEARSA AGUS SEANMÓIREACHT ÍOSA

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann:

1 **saintréithe ríocht Dé a aithint, mar a chuir Íosa i láthair iad ina chuid seanmóireachta;**

2 **na saintréithe seo a aithint i mbriathra agus i ngníomhartha Íosa agus a lucht leanúna, san am atá thart agus sa lá atá inniu ann.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **ríocht Dé**<br>– **sna parabail**<br>– **sna míorúiltí**<br>– **i gcompántas an bhoird**<br>– **i ról na ndeisceabal**<br>• **gairm**<br>• **misean** | 1. Saintréithe agus brí ríocht Dé a aithint, mar a chuir Íosa i láthair iad agus mar a dhein sé fianaise leo i mbriathar agus i ngníomh – sna parabail, sna míorúiltí agus i gcompántas an bhoird. I measc na saintréithe sin, d'fhéadfaí iad seo a áireamh: mar a chaith sé le peacaigh agus le strainséirí, mar a chaith sé le mná, an t-ionad speisialta a thug sé do na bochtáin, grá na gcomharsan agus grá don namhaid<br>2. Deisceabail Íosa agus an ghairm chun é a leanúint. Mar a chloistear agus mar a fhreagraítear an ghairm sin sa lá atá inniu ann<br>3. Fianaise á lorg ar éifeacht na ngnéithe seo ar shaol Chríostaithe an lae inniu |

## Cuid 4

# BÁS AGUS AISÉIRÍ ÍOSA

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go mbeadh na daltaí in ann pointí coimhlinte i saol Íosa a aithint;**

2 **go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar an Suipéar Déanach mar bhéile de réir ghnás Cháisc na nGiúdach;**

3 **go mbeadh cuntais na Soiscéal ar bhás Íosa léite acu agus eolas maith acu orthu;**

4 **go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hócáidí ar thaispeáin Íosa é féin i ndiaidh an Aiséirí, ar a lucht leanúna.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **coimhlint le húdarás**<br>• **íobairt**<br>• **mairtíreacht**<br>• **cuimhneachán**<br>• **Cáisc na nGiúdach**<br>• **Eocairist**<br>• **aiséirí**<br>• **claochlú crutha**<br>• **láithreacht** | 1. Féachaint ar chuid de na scéalta sna Soiscéil a léiríonn Íosa i gcoimhlint leis na húdaráis chreidimh agus pholaitíochta<br>2. An Suipéar Déanach mar bhéile de réir ghnás Cháisc na nGiúdach agus mar Eocairist<br>3. Na scéalta sa Soiscéal a dhéanann cur síos ar na himeachtaí a tharla roimh bhás Íosa agus mar a chuaigh na himeachtaí sin i gcion ar a lucht leanúna<br>4. Anailís a dhéanamh ar na scéalta faoi ócáidí ar thaispeáin Íosa é féin i ndiaidh a bháis agus mar a chuaigh na hócáidí seo i gcion ar na deisceabail |

## Cuid 5

# CREIDEAMH I gCRÍOST

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go mbeadh eolas ag na daltaí ar theacht na bpobal tosaigh Críostaíochta chun cinn agus ar a bhforbairt;**

2 **go mbeadh na daltaí in ann na pobail tosaigh chreidimh sin a chur i gcomparáid agus i gcontrárthacht le pobail chreidimh an lae inniu;**

**Don Ardleibhéal Amháin**

3 **go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar bhrí na dteideal nua a bhí á dtabhairt ar Íosa.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **An Chincís**<br>• **misinéir**<br>• **Pobal Dé** | 1. Obair na ndeisceabal tar éis báis d'Íosa agus teacht chun cinn na bpobal tosaigh Críostaíochta<br>2. Saintréithe na bpobal tosaigh sin: creideamh, adhradh, slí mhaireachtála |
| **Don Ardleibhéal Amháin** | |
| • **Mac an Duine**<br>• **Mac Dé**<br>• **An tÚrmhac**<br>• **Críost/Meisias** | 3. Cuid de na teidil nua a bhí á dtabhairt ar Íosa a iniúchadh, chomh maith le tuiscintí nua ar Íosa agus ar a bheatha |

# RANNÓG C

## BUNÚS AN REILIGIÚIN – MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

### Aidhmeanna

- Ceann de mhór-reiligiúin an domhain* a iniúchadh go mion
- Iniúchadh a dhéanamh ar thionchar an reiligiúin seo ar a lucht leanúna sa lá atá inniu ann, chomh maith lena thionchar ar dhaoine aonair eile agus ar phobail eile

*An Búdachas, An Hiondúchas, An tIoslamachas, nó An Giúdachas

## Cuid 1

# AN COMHTHÉACS

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

**1 go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar chúinsí staire na linne inar thosaigh / inar bunaíodh an mór-reiligiún a roghnaíodh chun staidéir.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **suíomh**<br>• **comhthéacs an chultúir** | 1. Cúlra staire agus geografach na linne inar thosaigh/inar bunaíodh an reiligiún a roghnaíodh chun staidéir<br>2. Mar a chuaigh na tosca seo i gcion ar shaol na ndaoine ag an am<br>3. Iniúchadh a dhéanamh ar struchtúir pholaitíochta agus chreidimh na linne |

## Cuid 2

# FOINSÍ NA FIANAISE

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den chúrsa, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann:

1 **na príomhfhoinsí eolais i dtaobh an mhór-reiligiúin dhomhanda a roghnaíodh chun staidéir a ainmniú;**

2 **idirdhealú a dhéanamh ar cháipéisí creidimh agus ar cháipéisí staire;**

3 **forbairt an traidisiúin a rianú, ón traidisiún béil go dtí an briathar scríofa.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **fianaise**<br>• **traidisiún béil**<br>• **scríbhinn dhiaga**<br>• **fáidh**<br>• **inspioráid**<br>• **foilsiú**<br>• **bunaitheoir**<br>• **fís/brionglóid** | 1. Eolas ginearálta ar na cuntais agus na foinsí faoi bhunú an mhór-reiligiúin dhomhanda a roghnaíodh chun staidéir<br>2. Scríbhinn(í) diaga mar cháipéisí creidimh<br>3. Tíolacadh, teacht ann nó foilsiú scríbhinne diaga nó scéil – conas a tharla é a bheith sa riocht ina bhfuil sé againn faoi láthair<br>4. Beathaisnéis an bhunaitheora nó duine thábhachtaigh eile – príomhphointí a aithint |

## Cuid 3

# DEASGHNÁTHA AISTRITHE SAOIL AGUS DEASGHNÁTHA EILE

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann:

1 **príomhghnéithe creidimh agus siombailí an mhór-reiligiúin dhomhanda a roghnaíodh chun staidéir, a aithint;**

2 **an creideamh agus na siombailí seo a aithint i mbriathra agus i ngníomhartha lucht leanúna an reiligiúin sin, san am atá thart agus sa lá atá inniu ann.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **deasghnáth**<br>• **foirm dheasghnáthach**<br>• **féilte**<br>• **oilithreacht**<br>• **cleachtas**<br>• **searmanas**<br>• **comharthaí agus siombailí**<br>• **áiteanna ina ndéantar adhradh**<br>• **prionsabail/eitic**<br>• **féilire/amanna beannaithe**<br>• **urnaí/machnamh** | 1. Ócáidí agus amanna deasghnáthacha an traidisiúin a iniúchadh agus an ceiliúradh a dhéantar orthu i saol an phobail, go háirithe in Éirinn<br><br>2. Príomhghnéithe ballraíochta sa mhór-reiligiún domhanda a roghnaíodh chun staidéir – prionsabail agus cleachtas |

## Cuid 4

# FORBAIRT AN TRAIDISIÚIN

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann:

**1 buaicphointí a aithint i scéal an mhór-reiligiúin dhomhanda a roghnaíodh chun staidéir.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **dílseacht**<br>• **géarleanúint**<br>• **siosma**<br>• **forbairt**<br>• **forleathnú** | 1. Iniúchadh a dhéanamh ar dhaoine tábhachtacha agus ar phríomhphointí i bhforbairt an reiligiúin a roghnaíodh chun staidéir<br>2. Staidéar a dhéanamh ar conas a dhíol an lucht leanúna as a ndílseacht, nó as a n-iompú ar an reiligiún sin<br>3. A fháil amach cad iad na háiteanna is mó a bhfuil an reiligiún sin á chleachtadh, ar fud an domhain agus go háirithe in Éirinn |

**DON ARDLEIBHÉAL AMHÁIN**

**Cuid 5**

# TRAIDISIÚN, CREIDEAMH AGUS CLEACHTADH SA LÁ ATÁ INNIU ANN

## Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go mbeadh na daltaí in ann creideamh agus cleachtadh na bpobal tosaigh a chur i gcomparáid agus i gcontrárthacht le creideamh agus cleachtadh phobal an lae inniu, go háirithe i measc an lucht leanúna in Éirinn;**

2 **go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar na nasca idir an mór-reiligiún domhanda a roghnaíodh chun staidéir agus mór-reiligiúin dhomhanda eile, an Chríostaíocht ina measc.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **struchtúr pobail**<br>• **ceannaireacht agus oideachas**<br>• **traidisiún**<br>• **lucht leanúna/deisceabal**<br>• **plé idirchreidmheach** | 1. Saintréithe an mhór-reiligiúin dhomhanda a roghnaíodh chun staidéir a iniúchadh – an lucht leanúna tosaigh agus an patrún creidimh phobail agus creidimh phearsanta ag teacht chun cinn<br>2. Iniúchadh ar chaidreamh – coimhlint agus plé le pobail eile creidimh<br>3. Stíl bheatha na gcreidmheach a chur i gcomparáid le stíl phobal eile creidimh |

# RANNÓG D

## CEIST AN CHREIDIMH

### Aidhmeanna

- Iniúchadh a dhéanamh ar staid an chreidimh reiligiúnaigh sa lá atá inniu ann a iniúchadh
- Ceisteanna a chur agus freagraí a lorg: é sin a aithint mar thús an chreidimh
- Ceistiúchán daonna a aithint sa chultúr nua-aoiseach
- Saintréithe an chreidimh reiligiúnaigh a aithint
- Gnéithe de shaol an lae inniu a thugann dúshlán an chreidimh reiligiúnaigh a aithint
- Deiseanna a sholáthar chun iniúchadh agus machnamh a dhéanamh ar sheasaimh phearsanta chreidimh

## Cuid 1

# STAID AN CHREIDIMH SA LÁ ATÁ INNIU ANN

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go mbeadh eolas ag na daltaí ar na hathruithe atá ag teacht ar chreideamh reiligiúnach agus ar chleachtadh an chreidimh in Éirinn agus in áiteanna eile;**

2 **go mbeadh na daltaí in ann na tosca a théann i bhfeidhm ar chreideamh reiligiúnach dhaoine óga a aithint agus a ainmniú.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **creideamh reiligiúnach**<br>• **cleachtadh reiligiúnach** | 1. Iniúchadh a dhéanamh ar chreideamh agus ar chleachtadh áitiúil reiligiúnach, in Éirinn agus ar fud na hEorpa, faoi láthair agus le céad bliain anuas<br>2. Saintréithe an chreidimh agus an chleachtaidh reiligiúnaigh in áiteanna eile ar domhan a aithint, chomh maith le difríochtaí idir reiligiún san Eoraip agus reiligiún in áiteanna eile<br>3. Tosca a aithint a théann i bhfeidhm ar chreideamh reiligiúnach ar fud na hEorpa agus in Éirinn<br>4. Tosca a aithint a théann i bhfeidhm ar chreideamh agus ar chleachtadh reiligiúnach i saol an duine óig |

## Cuid 2

# TÚS AN CHREIDIMH

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go n-aithneodh na daltaí gur buntréith dhaonna í an dúil i gceistiúchán;**

2 **go mbeadh na daltaí in ann gnáthcheisteanna daonna faoi bhrí na beatha a lua agus ceisteanna dá gcuid féin faoi bhrí na beatha a cheapadh agus a chur;**

3 **go mbeadh na daltaí in ann fianaise ar an tóraíocht dhaonna ar bhrí na beatha a aithint sa chultúr comhaimseartha.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **ceist/ceistitheoir**<br>• **tóraíocht**<br>• **brí/easpa brí**<br>• **machnamh**<br>• **ionadh agus alltacht**<br>• **daonnachas** | 1. Ceisteanna a chur; iniúchadh a dhéanamh ar na ceisteanna a chuireann daoine ag pointí éagsúla ina bhforbairt agus mar a fheictear rian na gceisteanna sin sa chultúr, go háirithe i gcultúr na n-óg<br>2. Teacht ar fhreagraí; foinsí brí i mbeatha an duine (mar shampla, an teaghlach, obair, ceol, airgead, rath, caidreamh le daoine srl.)<br>3. Freagraí nach bhfuil bunaithe sa reiligiún: cás an daonnachtaí thuata |

## Cuid 3

# FÁS AN CHREIDIMH

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go n-aithneodh na daltaí na samhlacha éagsúla de Dhia atá againn agus foinsí na samhlacha sin;**

2 **go mbeadh na daltaí in ann a samhlacha féin de Dhia a chur i láthair agus foinsí na samhlacha sin a léiriú;**

3 **go mbeadh na daltaí in ann idirdhealú a dhéanamh ar chreideamh an linbh agus ar chreideamh an duine fhásta agus go mbeadh tuiscint acu ar an bhforbairt ó cheann go chéile.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **muinín**<br>• **creideamh**<br>• **creideamh pearsanta**<br>• **creideamh an linbh**<br>• **creideamh an duine fhásta**<br>• **céimeanna sa chreideamh** | 1. Dia á shamhlú: samhlacha de Dhia ó raon leathan foinsí, agus taithí an dalta féin ina measc<br>2. Tóraíocht Dé ó aois na hóige go dtí aois an duine fhásta: ón muinín shimplí dhaonna go dtí an gealltanas reiligiúnach – céimeanna sa chreideamh |

## Cuid 4

# CREIDEAMH Á CHUR IN IÚL

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go dtuigfeadh na daltaí gur féidir creideamh a chur in iúl trí urnaí, trí adhradh agus trí shlite maireachtála;**

2 **go mbeadh na daltaí in ann fianaise ar chreideamh reiligiúnach a aithint i scéalta ó dhá thraidisiún reiligiúin.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **urnaí**<br>• **adhradh**<br>• **aondiachas**<br>• **ildiachas** | 1. Urnaí agus adhradh mar léiriú ar chreideamh reiligiúnach agus ar thóraíocht Dé<br>2. Slí mhaireachtála mar léiriú ar chreideamh reiligiúnach<br>3. Scéalta faoi chreidmhigh ó dhá thraidisiún reiligiúin |

**DON ARDLEIBHÉAL AMHÁIN**

**Cuid 5**

# DÚSHLÁIN DON CHREIDEAMH

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go mbeadh a fhios ag na daltaí gur iomaí léargas ar an domhan a fhaightear i gcultúr an lae inniu;**

2 **go dtuigfeadh na daltaí go dtugann cuid de na léargais seo dúshlán an chreidimh reiligiúnaigh;**

3 **go mbeadh na daltaí in ann pointí coimhlinte agus pointí comhaontaithe a aithint idir léargas na heolaíochta agus léargas an chreidimh ar chruthú an domhain.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **machnamh**<br>• **léargas ar an domhan**<br>• **aithne ar Dhia**<br>• **aindiachas**<br>• **agnóiseachas**<br>• **dí-eaglaiseachas**<br>• **ábharachas**<br>• **bunúsachas**<br>• **cruthú** | 1. Na léargais éagsúla ar an domhan i gcultúr an lae inniu, agus a bhfoinsí sin<br>2. Léargas na heolaíochta ar an domhan – an bhfuil sé i gcoimhlint le léargas an chreidimh? Ceist an chruthaithe<br>3. Léargas na teicneolaíochta ar an domhan agus ar an duine<br>4. Dúshláin don taithí reiligiúnach (mar shampla ábharachas, indibhidiúlachas srl.)<br>5. Fuarchúis agus neamhshuim reiligiúnach |

# RANNÓG E

## CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

### Aidhmeanna

- A thaispeáint go raibh deasghnátha agus adhradh riamh mar chuid de fhreagra an duine ar an mbeatha agus ar rúndiamhracht Dé
- An tslí a nochtann pobail chreidimh a n-ábhair laethúla imní i bhfoirm deasghnátha a aithint
- Sampla de thaithí na ndaltaí ar adhradh a iniúchadh

### Don Ardleibhéal Amháin

- An nasc idir patrúin adhartha agus rúndiamhair a iniúchadh/an rud is mó is cás le daoine aonair agus le pobail

## Cuid 1

# SAOL NA nDEASGHNÁTHA

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

**1 go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar conas a tharla gur tháinig áiteanna agus amanna áirithe chun tábhachta.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **áiteanna tábhachtacha**<br>• **gníomhartha tábhachtacha**<br>• **amanna tábhachtacha**<br>• **beannaitheacht** | 1. Áiteanna agus foirgnimh in Éirinn agus in áiteanna eile, a gceaptar go bhfuil tábhacht ar leith leo, a aithint agus a ainmniú<br>2. Iniúchadh a dhéanamh ar conas a tháinig na háiteanna agus na foirgnimh seo chun tábhachta<br>3. Comhthréithe chuid de na háiteanna seo a iniúchadh<br>4. Amanna agus gníomhartha tábhachtacha i saol phobal éagsúil (m.sh. clubanna óige, scoileanna, clubanna spóirt srl.) |

## Cuid 2

# EISPÉIREAS AN ADHARTHA

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

**1 go mbeadh na daltaí in ann eilimintí den adhradh a aithint.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **adhradh**<br>• **deasghnátha**<br>• **rannpháirtíocht** | 1. Samplaí de dhaoine i mbun adhartha – eilimintí den adhradh a aithint<br>2. Páirt a ghlacadh i ngníomh adhartha, nó breathnú air, chun eilimintí den adhradh – agus é ar siúl – a bhrath nó a fheiceáil |

**DON ARDLEIBHÉAL AMHÁIN**

## Cuid 3

# ADHRADH MAR FHREAGRA AR AN RÚNDIAMHRACHT

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go dtuigfeadh na daltaí conas a théann eispéaras na rúndiamhrachta i bhfeidhm ar bheatha an duine;**

2 **go n-aithneodh na daltaí gur freagra ar eispéaras na rúndiamhrachta í rannpháirtíocht daoine in adhradh.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **machnamh**<br>• **eispéaras na rúndiamhrachta**<br>• **iontas**<br>• **adhradh mar fhreagra ar eispéaras na rúndiamhrachta, nó mar léiriú ar ghéarchás daoine**<br>• **teagmháil le Dia**<br>• **ceiliúradh**<br>• **cumarsáid** | 1. Iniúchadh a dhéanamh ar roinnt freagraí ar eispéaras na rúndiamhrachta<br>2. Iniúchadh a dhéanamh ar roinnt freagraí reiligiúnacha ar eispéaras na rúndiamhrachta nó ar ghéarchás an duine, in áiteanna, in amanna, agus i ngníomhartha beannaithe |

## Cuid 4

# COMHARTHAÍ AGUS SIOMBAILÍ

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

**1 go dtuigfeadh na daltaí ionad comharthaí agus siombailí i mbeatha an duine agus i dtraidisiúin reiligiúin;**

**2 go dtuigfeadh na daltaí cumhacht agus brí siombailí reiligiúnacha;**

**nó**

**3 go mbeadh eolas acu ar thuiscint na Críostaíochta ar shacraimintí agus go mbeadh miontuiscint acu ar ionad sacraimintí in dhá shainaicme Críostaíochta.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **comhartha**<br>• **siombail**<br>• **samhail bheannaithe**<br>• **sacraimint**<br>• **féiniúlacht**<br>• **eispéaras a chur in iúl** | 1. Eilimintí den chomharthaíocht sa ghnáthshaol a aithint<br>2. Eilimintí den siombalachas agus úsáid siombailí sa ghnáthshaol a aithint<br>3. Gnó na siombailí i saol an duine agus i gcúrsaí reiligiúin<br>4. (a) Teagmháil le roinnt siombailí reiligiúnacha agus an bhrí atá leo<br>**nó**<br>(b) Tuiscintí na Críostaíochta ar shacraimintí a iniúchadh agus mar a chuirtear na tuiscintí seo in iúl in **dhá** thraidisiún Chríostaí; siombailí reiligiúnacha i dtraidisiúin eile reiligiúin a aithint |

## Cuid 5

# URNAÍ

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

**1 go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar thábhacht na hurnaí i saol an duine agus i dtraidisiúin reiligiúin;**

**2 go mbeadh na scoláirí in ann idirdhealú a dhéanamh ar shaghsanna éagsúla urnaí.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **cumarsáid le Dia**<br>• **mídheamhain**<br>• **rinnfheitheamh**<br>• **achainí**<br>• **moladh agus buíochas**<br>• **aithrí**<br>• **urnaí phearsanta**<br>• **urnaí phobail** | 1. Iniúchadh a dhéanamh ar urnaí mar fhreastal ar an ngá atá ag daoine le cumarsáid a dhéanamh le Dia<br>2. Iniúchadh a dhéanamh ar nádúr agus ar fheidhm na hurnaí<br>3. Fadhbanna urnaí<br>4. Taighde a dhéanamh ar dhaoine tábhachtacha sna traidisiúin spioradálta |

# RANNÓG F

# DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

## Aidhmeanna

- Iniúchadh a dhéanamh ar an ngá atá ag an duine le caidreamh a ordú ar an leibhéal pearsanta, ar leibhéal an phobail agus ar an leibhéal domhanda
- Iniúchadh a dhéanamh ar conas a chuirtear an gá seo in iúl ar shlite éagsúla
- An tslí a gcuirtear an gá in iúl i gcóid shibhialta agus i gcóid eile dlí
- A thaispeáint go gcuirtear creideamh reiligúnach in iúl i bhfíseanna áirithe moráltachta
- Físeanna moráltachta dhá mhór-reiligiún dhomhanda – an Chríostaíocht agus reiligiún eile – a iniúchadh
- Anailís a dhéanamh ar an tslí a dtéann na físeanna seo i bhfeidhm ar shaol na gcreidmheach agus na neamhchreidmheach i gcás chuid de mhórcheisteanna moráltachta na linne seo

## Don Ardleibhéal Amháin

- Buntuiscint a thabhairt do na scoláirí ar ghnéithe áirithe den ghaol atá ag reiligiún, ag an moráltacht agus ag dlíthe an stáit lena chéile

### Cuid 1

# TÚS NA MORÁLTACHTA

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

**1 go mbeadh léargas ag na daltaí ar thuiscintí éagsúla ar mhoráltacht;**

**2 go dtuigfeadh na daltaí na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar bhearta agus ar chinní ag an leibhéal pearsanta agus ag leibhéal an phobail;**

**3 go mbeadh na daltaí in ann na tosca éagsúla a bhfuil tionchar acu ar iompar an duine a aithint.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **moráltacht**<br>• **tionchar**<br>• **rogha**<br>• **saoirse**<br>• **caidreamh**<br>• **bearta agus a dtorthaí**<br>• **an tsochaí** | 1. Tuiscintí éagsúla ar mhoráltacht<br>2. Cineálacha caidrimh daonna a iniúchadh, ar an leibhéal idirphearsanta, ar leibhéal an phobail agus ar an leibhéal domhanda<br>3. Iniúchadh a dhéanamh ar an gceangal idir bhearta agus a dtorthaí, idir chearta agus fhreagrachtaí<br>4. Iniúchadh a dhéanamh ar na tosca a bhfuil tionchar acu ar iompar agus ar roghanna an duine ag pointí éagsúla sa bheatha |

## Cuid 2

# FOINSÍ MORÁLTACHTA

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

**1 go mbeadh na daltaí in ann foinsí moráltachta a aithint, go háirithe ina mbeatha féin;**

**2 go dtuigfeadh na daltaí brí agus impleachtaí fhís na moráltachta;**

**3 go bhféadfadh na daltaí cur síos a dhéanamh ar an bhfís atá i gceist i rialacha agus i gcóid éagsúla mhoráltachta.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **fís mhoráltachta**<br>• **dlíthe**<br>• **fís mhoráltachta reiligiúnach**<br>• **údarás**<br>• **traidisiún** | 1. Príomhfhoinsí na moráltachta a aithint (mar shampla an teaghlach, lucht comhaoise, an scoil, an stát, reiligiún, srl.)<br>2. Iniúchadh a dhéanamh ar conas a tháinig cóid agus prionsabail fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun cinn<br>3. An fhís mhoráltachta atá laistigh den chód a aithint<br>4. Údarás agus traidisiún – gaois daoine eile a aithint<br>5. Saintréithe físe moráltachta reiligiúnaí: cén difríocht atá idir fhís mhoráltachta reiligiúnach agus fís ar bith eile? |

## Cuid 3

# AG FORBAIRT I gCÚRSAÍ MORÁLTACHTA

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

**1 go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar fhorbairt mhoráltachta pearsanta;**

**2 go dtuigfeadh na daltaí cad is coinsias ann agus a thábhacht i gcúrsaí aibíochta morálta.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **forbairt i gcúrsaí moráltachta**<br>• **coinsias**<br>• **aibíocht i gcúrsaí moráltachta** | 1. Forbairt i gcúrsaí moráltachta, ón leithleas go haltrúchas – cur síos ar anabaíocht i gcúrsaí moráltachta agus ar aibíocht i gcúrsaí moráltachta<br>2. An riachtanas daonna agus reiligiúnach le forbairt ón leithleas go haibíocht<br>3. Coinsias agus moráltacht – forbairt i dtreo na haibíochta i gcúrsaí moráltachta |

## Cuid 4

# MORÁLTACHT REILIGIÚNACH Á CUR I nGNÍOMH

## Aidhmeanna

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go dtuigfeadh na daltaí an próiseas déanta cinní ar bhonn moráltachta;**

2 **go mbeadh na daltaí eolach ar an tionchar a d'fhéadfadh bheith ag físeanna moráltachta reiligiúnacha ar chinní morálta na gcreidmheach;**

3 **go mbeadh na daltaí in ann cur síos a dhéanamh ar léargais reiligiúnacha ar chliseadh moráltachta agus go mbeadh tuiscint acu ar mhaithiúnas.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **cinní a dhéanamh**<br>• **fírinne**<br>• **ceart**<br>• **síocháin**<br>• **beatha**<br>• **maoirseacht**<br>• **omós**<br>• **ionracas**<br>• **maithiúnas**<br>• **athmhuintearas**<br>• **peaca**<br>• **breithiúnas** | 1. Iniúchadh a dhéanamh ar an bpróiseas déanta cinní ar bhonn moráltachta agus eilimintí an phróisis sin<br>2. Iniúchadh a dhéanamh ar dhá fhís mhoráltachta éagsúla, féachaint cén tionchar a bhí acu ar chinní a dhein na creidmhigh i gcúrsaí áirithe moráltachta agus i gcás fadhbanna áirithe moráltachta<br>3. Fís agus réaltacht – cuntais éagsúla ar chliseadh moráltachta agus ar a thorthaí<br>4. Iniúchadh a dhéanamh ar na modhanna atá ag traidisiúin reiligiúnacha chun teacht chun athmhuintearais a éascú |

**DON ARDLEIBHÉAL AMHÁIN**

## Cuid 5

# AN DLÍ AGUS AN MHORÁLTACHT

### Cuspóirí

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an gcuid seo den siollabas, ba chóir:

1 **go mbeadh buntuiscint ag na daltaí ar an ngaol atá ag dlí na tíre le moráltacht phearsanta;**

2 **go mbeadh buntuiscint acu ar an ngaol atá ag dlí na tíre le moráltacht reiligiúnach.**

| Príomhchoincheapa | Cur síos ar an ábhar |
|---|---|
| • **dlí sibhialta**<br>• **bunreacht**<br>• **iolrachas**<br>• **bunúsachas reiligiúnach**<br>• **saoirseachas** | 1. Gnéithe den ghaol atá ag moráltacht phearsanta le dlí na tíre a chur i láthair, agus ócáidí ina bhféadfaidis sin a bheith i gcoimhlint lena chéile<br>2. Iniúchadh a dhéanamh ar léargais éagsúla ar an ngaol atá ag dlí na tíre le moráltacht reiligiúnach |

# MEASÚNÚ AN OIDEACHAIS REILIGIÚIN I SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

## 1. Aidhmeanna an mheasúnaithe sa phróiseas oideachais

Is cuid dílis den phróiseas oideachais é an measúnú. Ar na haidhmeanna a bhaineann leis tá cothú na foghlama, feabhsú na múinteoireachta agus soláthar eolais iontaofa faoina bhfuil déanta nó bainte amach. Soláthraíonn sé aiseolas luachmhar do dhaltaí agus do mhúinteoirí, chomh maith le léargas don tsochaí go ginearálta ar an gcóras oideachais. Soláthraíonn an measúnú deiseanna chun curaclaim agus dul chun cinn na ndaltaí a luacháil, chomh maith le teastais a dheimhníonn a bhfuil bainte amach. Is maith an spreagadh do na daltaí é teastais a bheith le gnóthú. Is cúiteamh praiticiúil é ar an am agus ar an iarracht a chaitheann an dalta i mbun siollabais. Soláthraíonn measúnú ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh eolas tábhachtach freisin ar fiú é a chur san áireamh nuair atá roghanna á ndéanamh do churaclam an Teastais Shinsearaigh.

Cé gur léir gur mó aidhm a bhaineann le measúnú sa phróiseas oideachais, caithfear a thuiscint nach dtagann na haidhmeanna sin go léir lena chéile. Soláthraíonn measúnú ar mhaithe le gnóthú teastais eolas tábhachtach ar a bhfuil bainte amach ag dalta, mar shampla, ach ní gá go mbeadh sé chomh héifeachtach céanna ag soláthar aiseolais ar éifeacht na foghlama agus na tuisceana a bhí i gceist.

## 2. Prionsabail ghinearálta a bhaineann le measúnú éifeachtach san oideachas

- Ba chóir go mbeadh measúnú mar chuid leanúnach den phróiseas múinteoireachta/foghlama agus go mbeadh daltaí, chomh maith le múinteoirí, chomh fada agus is féidir é, páirteach i roghnú a bhfuil le déanamh mar thoradh ar an measúnú.
- Cibé gar-aidhm atá leis an measúnú, ba chóir go bhfeabhsófaí an fhoghlaim mar thoradh air, trí thionchar deimhneach a imirt ar an gcuraclam ag gach leibhéal. Ba chóir, más ea, go mbeadh réimse iomlán aidhmeanna an churaclaim le sonrú ar an measúnú.
- Ba chóir go soláthródh an measúnú bonn éifeachtach don chumarsáid le tuismitheoirí agus leis na páirtithe eile san oideachas, ar shlí a chabhróidh leo tacú le hobair na ndaltaí.
- San ionad foghlama a dhéantar an measúnú is luachmhaire.
- Is gné riachtanach den mheasúnú éifeachtach í go mbeadh na heilimintí go léir a éilítear – ó thaobh machnaimh agus ó thaobh mothúcháin – go mbeidís sin san áireamh agus go n-aithneofaí na heilimintí sin in ábhar an churaclaim a bhí á leanúint.
- Ba chóir go roghnófaí an modh measúnaithe ar bhonn na haidhme atá leis an measúnú. D'fhéadfadh teicníochtaí éagsúla a bheith in úsáid, mar shampla, de réir mar atá léargas ginearálta, nó mionphictiúr a léireoidh fadhbanna aonair, ag teastáil, nó más amhlaidh atá teastais le bronnadh de réir torthaí an mheasúnaithe.
- Caithfidh measúnú a bheith bailí agus iontaofa. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na gnéithe seo i gcás measúnaithe náisiúnta a mbronnfar teastais dá réir.
- Soláthróidh measúnú cothrom réimse treoracha a thabharfaidh raidhse deiseanna do dhaltaí a spriocanna a bhaint amach.

## 3. Impleachtaí do mheasúnú an Oideachais Reiligiúin a mbronnfar teastais náisiúnta dá réir

Ní haon ní nua é an measúnú i gcás an Oideachais Reiligiúin. Faoi láthair úsáideann múinteoirí Oideachais Reiligiúin modhanna agus teicníochtaí éagsúla measúnaithe, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, ar son aiseolais, luachála agus pleanála. Tugann scoileanna áirithe cuntas ar a bhfuil bainte amach san Oideachas Reiligiúin sna tuairiscí a sholáthraítear do thuismitheoirí. Is cuid bhunúsach den mhúinteoireacht éifeachtach é an measúnú éifeachtach, agus ní taise do mhúinteoireacht éifeachtach an Oideachais Reiligiúin é.

Go dtí seo, áfach, níor deineadh measúnú ar an Oideachas Reiligiúin, a mbronnfaí teastais náisiúnta dá réir. Tá deis ann measúnú mar seo a dhéanamh den chéad uair anois, ó tharla go bhfuil siollabais nua don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht á dtosú sna scoileanna. Agus pleanáil á dhéanamh don mheasúnú seo, ní mór na prionsabail ghinearálta a rianaíodh thuas don mheasúnú éifeachtach a chur san áireamh. Baineadh leas as taithí ar mheasúnú i gcás ábhar eile agus moltaí á gcur le chéile do mheasúnú an Oideachais Reiligiúin agus bronnadh teastas náisiúnta dá réir; cuireadh taighde reatha agus léargais nua-aimseartha ar a bhfuil i gceist le machnamh agus tuiscint san áireamh freisin, chomh maith le ról an mheasúnaithe i gcur chun cinn na foghlama agus na múinteoireachta.

Dhírigh na socruithe do mheasúnú an Oideachais Reiligiúin orthu seo go speisialta:

- *na modhanna agus na teicníochtaí measúnaithe a nascadh le haidhmeanna an tsiollabais*

  Tá aidhmeanna leathana leis an siollabas agus tá súil le réimse leathan torthaí; ba chóir go mbeadh an patrún céanna le sonrú ar na modhanna agus ar na teicníochtaí measúnaithe.

- *an measúnú a bhunú ar aidhmeanna luaite*

  Ba chóir go n-úsáidfí na cuspóirí cinnte a bhaineann le gach mír den siollabas mar threoir nuair atá na modhanna measúnaithe á ndearadh.

- *measúnú a dhearadh a rachaidh chun tairbhe na múinteoireachta agus na foghlama*

  Ba chóir go spreagfadh an measúnú úsáid réimse leathan modhanna múinteoireachta agus foghlama.

- *go ndéanfaí measúnú a bheadh bailí agus iontaofa*

  Ba chóir go mbeadh aidhmeanna an tsiollabais le haithint ar na modhanna measúnaithe agus go mbeadh na modhanna sin bailí agus iontaofa go leor le go mbronnfaí teastais náisiúnta dá réir.

- *go mbeadh an measúnú cóir agus cothrom*

  Ba chóir go dtabharfadh an measúnú réimse deiseanna do na daltaí an chéim is airde is féidir leo, de réir a gcumais, a bhaint amach.

## 4. Cad air a ndéanfar measúnú, ó thaobh Oideachais Reiligiúin, sna scrúduithe stáit?

Bunófar measúnú an Oideachas Reiligiúin don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht ar na cuspóirí a bhaineann le heolas, le tuiscint, le scileanna agus le dearcadh, laistigh de gach rannóg den chúrsa. Cé go mbainfidh daltaí leas as a dtaithí féin ina gcuid freagraí, ní dhéanfar measúnú ar a ndílseacht phearsanta don chreideamh agus/ná ar a bpáirt i ngrúpa reiligiúnach áirithe, i scrúdú a mbronnfar teastas náisiúnta dá réir.

## 5. Modhanna measúnaithe san Oideachas Reiligiúin i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh

### 5.1 Idirdhealú: measúnú agus bronnadh teastas ag dhá leibhéal

Ar nós siollabas eile a ndéantar measúnú orthu do theastais náisiúnta, déanfar measúnú ar an Oideachas Reiligiúin ag an **Ardleibhéal** agus ag an n**Gnáthleibhéal** i scrúdú an Teastais Shóisearaigh.

### 5.2 Dhá chomhpháirt

Beidh dhá chomhpháirt sa mheasúnú. Soláthróidh na comhpháirteanna seo – scrúdú scríofa i ndeireadh an chúrsa agus bailiúchán samplach d'obair an dalta – réimse leathan deiseanna le go gcruthóidh na daltaí chomh maith agus is féidir leo, laistigh de theorainneacha praiticiúla scrúdaithe náisiúnta. Tá an réimse leathan aidhmeanna a bhaineann leis an siollabas le sonrú ar na comhpháirteanna, a bhfuil raon mór eolais, tuisceana, scileanna agus dearcaidh i gceist iontu.

| Comhpháirt | Na marcanna atá ar fáil (Gnáthleibhéal) | Na marcanna atá ar fáil (Ardleibhéal) |
|---|---|---|
| Scrúdú scríofa i ndeireadh an chúrsa | 75% | 80% |
| Bailiúchán samplach | 25% | 20% |

Bronnfar grád ar bhonn iomlán na marcanna a ghnóthaíonn dalta sa dá chomhpháirt. Beidh 400 marc san iomlán ar fáil sa scrúdú.

#### 5.2.1 Scrúdú scríofa i ndeireadh an chúrsa

Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh, tá sé i gceist go dtriailfear gach rannóg den siollabas sa scrúdú scríofa. Mar sin féin, ní gá go mbeadh na ceisteanna bunaithe go díreach ar rannóg amháin: féadfar iad a bhunú ar chuspóirí a bhaineann le cúpla rannóg. Beidh réimse leathan ceisteanna ar na páipéir, a mbeidh siad seo ina measc: grianghraif, bearnaí le líonadh, ceisteanna ilrogha, ailt a scríobh, anailís ar shonraí agus ciallú orthu, léaráidí a líniú agus lipéid a chur orthu, srl.

#### 5.2.2 Bailiúcháin shamplacha oibre

Caithfidh gach dalta bailiúchán samplach dá c(h)uid oibre a chur le chéile don scrúdú. Roghnófar teideal don bhailiúchán seo as dhá theideal déag (dhá cheann as gach rannóg) a sholáthrófar do scoileanna i ngach bliain den chúrsa scrúdaithe, mar aon le treoirlínte d'ullmhú agus do chur le chéile an bhailiúcháin. Cé gur féidir obair an bhailiúcháin a fhí isteach le haidhmeanna uile an tsiollabais, oireann sí go speisialta don tríú haidhm:

*Cabhrú leis na daltaí a aithint go raibh páirt mhór ag tuiscintí ar Dhia, ag traidisiúin reiligiúin, agus go háirithe ag traidisiún na Críostaíochta i múnlú an chultúir ina mairimid, agus go dtéann siad i bhfeidhm go láidir fós ar shlite pearsanta maireachtála, ar chaidreamh idirphearsanta agus ar an ngaol atá ag daoine aonair lena bpobail agus a gcomhthéacsanna (lch. 6).*

Mar thaca le haidhmeanna leathana an tsiollabais, beidh sé de chuspóir ag an obair a dhéanfar ar na bailiúcháin shamplacha:

- éascú a dhéanamh ar úsáid modhanna éagsúla múinteoireachta agus foghlama
- forbairt scileanna mar seo a chur chun cinn: taighde agus anailís, ciall a bhaint as sonraí, eolas nó tuairimí a chur i láthair, srl.
- deis a thabhairt do na scoláirí teagmháil a dhéanamh le reiligiún mar chuid den saol
- éascú a dhéanamh ar iniúchadh ar ábhar a bhfuil suim faoi leith ag an dalta ann, nó ábhar is cás leis an dalta.

Beidh réimse leathan eolais, tuisceana, scileanna agus dearcaidh, mar a aithnítear sa siollabas iad, i gceist san obair ar na bailiúcháin shamplacha. Ba chóir go dtarraingeodh an obair ar na scileanna seo a leanas go speisialta, agus go gcuirfeadh an obair sin chun cinn iad:

| Scileanna | Samplaí d'fhorbairt na scileanna sin |
|---|---|
| Scileanna fiosrúcháin | Fiosrú a dhéanamh i dtaobh nithe, táirgí, daoine, cumann agus gnéithe den timpeallacht |
| Tabhairt faoi deara | Spreagtar na daltaí chun a bhfeiceann siad a thabhairt faoi deara go grinn, ciall a bhaint as go sciliúil, a dtuairimí faoi a chur in iúl agus cuntas a choimeád air |
| Scileanna fuascailte fadhbanna | Téann na daltaí i mbun tascanna nó gníomhaíochtaí ina gcaitheann siad na príomhriachtanais nó na príomhbhacanna a aithint agus teacht ar fhuascailt oiriúnach ar an bhfadhb |
| Scileanna taighde | Tugtar eolas agus treoir do na daltaí i dtaobh teacht ar ábhar oiriúnach taighde, é a bhreacadh síos, anailís a dhéanamh air agus úsáid a bhaint as na torthaí |
| Scileanna machnaimh | Spreagtar na daltaí chun machnamh a dhéanamh ar a dtugann siad faoi deara agus ar thorthaí a gcuid taighde |
| Scileanna eagair | Cabhraítear leis na daltaí a dtascanna a phleanáil, a stiúradh agus a chríochnú, trí eagar a chur ar a gcuid ama agus ar a n-iarrachtaí |
| Scileanna léirmheasa agus luachála | Treoraítear na daltaí chun luacháil chriticiúil, chruthaitheach, chuiditheach a dhéanamh ar thorthaí a gcuid taighde, ar a bhfuil tugtha faoi deara acu agus ar an réiteach atá acu ar fhadhbanna |

(arna chur in oiriúint as Dearadh san Oideachas NCAD/NCCA 1998)

### 5.2.3 An bailiúchán samplach á chur faoi bhráid scrúdaitheora lena mheasúnú

Féadfaidh dalta aonair nó grúpa daltaí bailiúchán samplach oibre a chur le chéile, ach más obair ghrúpa í, caithfidh gach dalta sa ghrúpa bheith freagrach as píosa áirithe den obair. Tugann gach dalta a b(h)ailiúchán samplach d'údaráis na scoile ar dháta a aontaítear roimh ré. Cuirtear an bailiúchán faoi bhráid an scrúdaitheora i bhfoirm chaighdeánach, i leabhrán a sholáthraítear chuige sin go díreach. Tugtar na bailiúcháin shamplacha don fheitheoir, le cur leis na páipéir scríofa, lá an scrúdaithe san Oideachas Reiligiúin le linn na scrúduithe stáit. Scrúdófar na comhpháirteanna – an bailiúchán samplach agus na páipéir scríofa – le chéile.

**De réir na socruithe atá ann faoi láthair do scrúdú an Teastais Shóisearaigh, tabharfar suas an bailiúchán samplach agus déanfar measúnú air mar a rianaíodh thuas. Seans go bhféadfar Rogha B nó Rogha C a thairiscint amach anseo, áfach.**

#### Rogha B

Cuirfear an bailiúchán samplach faoi bhráid an mhúinteora, i bhfoirm leabhair gearrthóg, nó fillteáin, nó ar dhiosca ríomhaire agus beidh cead ag na daltaí grianghraif, nó léaráidí nó cairteanna a chur sa bhailiúchán. Cé go mbeidh tábhacht le soiléire ar mhaithe le héascaíocht measúnaithe, ní bhronnfar aon mharcanna ar son deartha ná cur i láthair.

Cuirfidh an múinteoir na marcanna a bronnadh ar son na mbailiúchán samplach chun na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, ar dháta a shocrófar roimh ré. Déanfaidh scrúdaitheoir seachtrach, a cheapfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, roinnt bailiúchán samplach a scrúdú, ar mhaithe le cothroime measúnaithe.

#### Rogha C

Ullmhaíonn gach dalta bailiúchán samplach iomlán. Ar dháta áirithe, a shocrófar roimh ré, caithfidh gach dalta píosa aonair oibre a chur faoi bhráid scrúdaitheora sheachtraigh lena mheasúnú. Féadfar an measúnú seo a dhéanamh sa scoil, nó in ionad lárnach éigin.

# Nósanna imeachta le haghaidh Siollabais Náisiúnta a cheapadh

Is iad seo a leanas na baill atá ag Coistí Cúrsaí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) don Teastas Sóisearach*:

- Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
- Aontas Múinteoirí Éireann
- Comhchoiste na mBainisteoirí
- Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
- Cumann Gairmoideachais in Éirinn
- Cumann an Ábhair
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Cigireacht)

*I gcás an Oideachais Reiligiúin, bhí ionadaithe ó na grúpaí seo i gceist freisin: Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (lucht iarbhun-scoile), Comhdháil na nEaspag, Bord Oideachais na hEaglaise Meitidistí, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann agus an Eaglais Phreispitéireach in Éirinn.

Ullmhaíonn Coistí Cúrsaí na CNCM na siollabais ar bhonn na treorach a chuireann an Chomhairle ar fáil.

Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsaí faoi bhráid Chomhairle na CNCM le go nglacfaí leo. Tar éis don Chomhairle na moltaí a mheas, tugann an CNCM comhairle dá réir sin don Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó
CNCM ag 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Teil. (01) 6617177 Facs (01) 6617180
Ríomhphost info@ncca.ie
Suíomh greasáin www.ncca.ie

**Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair**
Le ceannach díreach ó:
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance,
Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2.
Nó tríd an bpost ó:
Foilseacháin an Rialtais, An Rannóg Post-Tráchta,
4-5 Bóthar Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01)6476834/5  Facs: (01)4752756
nó trí aon díoltóir leabhar.
**Praghas: £1.50  €1.90**

Arna dhearadh ag Langley Freeman Design Group Limited
© 2001 Rialtas na hÉireann